Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11976/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0174(NLE)**

**SCH-EVAL 151**
**ENFOPOL 342**
**COMIX 346**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Iúil 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10621/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an **Iorua** ar *acquis* Schengen i réimse an **chomhair póilíneachta** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Iorua ar *acquis* Schengen i dtaca leis an gcomhar póilíneachta, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 10 Iúil 2023. I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Iorua ar *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhair póilíneachta i leith na hIorua i mí na Bealtaine 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 250 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcuimsítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

1 **IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.**

(2) Le linn na meastóireacht shainaithin an fhoireann ar an láthair roinnt dea-chleachtas;
1) Cuireann an Comhaontú Comhair idir Póilíní na hIorua agus Custaim na hIorua a tugadh cothrom le dáta le déanaí leis na sineirgí idir an dá ghníomhaireacht, 2) Tá cur chuige cuimsitheach ag an Iorua i leith na heitice póilíneachta, 3) Tá póilíní na hIorua faoi réir formhaoirseachta ag comhlacht sheachtrach atá uathrialaitheach agus neamhspleách, 4) Tá timthriall faisnéise dea-fhorbartha curtha ar bun ag póilíní na hIorua, 5) Úsáideann póilíní na hIorua teagmhálacha éifeachtúla déthaobhacha agus iltaobhacha le fórsaí póilíneachta na dtíortha Nordacha, 6) Sanntar ionadaithe ó eintitis éagsúla de chuid na bPóilíní Náisiúnta agus den lucht Custam don Phointe Teagmhála Aonair, 7) Tá Ionchúisitheoirí Póilíní neadaithe sna póilíní ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear an Pointe Teagmhála Aonair, 8) Tá uirlis éifeachtach ag an Iorua chun sonraí maidir le láthair coire a dhaingniú nó chun ceistiúchán a thaifead agus chun iad a chomhroinnt go díreach ar líne agus, 9) Tá creat foghlama agus forbartha eagraíochtúla atá bunaithe ar fhianaise bunaithe ag an tionscnamh 'Investigation Quality Uplift', rud as a dtagann caighdeáin náisiúnta um imscrúdú le haghaidh phóilíní na hIorua

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le glacadh ag an Iorua chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do mholtaí 3, 4, 6, 10 agus 13 a chur chun feidhme.

(4) An 24 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí[2]. Cé nach raibh an Moladh sin glactha tráth na meastóireachta, iarrtar ar an Iorua é a chur san áireamh agus na moltaí ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh seo á gcur chun feidhme.

(5) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

[2] IO L 158, 13.6.2022, lgh. 53–64.

(6) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[3] ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin tuarascálacha meastóireachta agus moltaí, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

(7) Laistigh de 2 mhí óna ghlacadh, ba cheart don Iorua, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Iorua an plean gníomhaíochta sin a chur ar fáil don Choimisiún agus don Chomhairle,

AG MOLADH:

gur cheart don Iorua an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. réimsí tosaíochta a bhunú laistigh den chomhar póilíneachta idirnáisiúnta, agus an measúnú náisiúnta ar bhagairt na coireachta á chur san áireamh;

**Eitic na bhfórsaí póilíneachta**

2. feasacht a ardú maidir le deiseanna agus nósanna imeachta um thuairisciú, agus maidir leis an gcaoi a gcaitear le sceithirí eolais

**Pointe Teagmhála Aonair**

3. córas leictreonach bainistithe cásanna a bhunú le haghaidh an Phointe Teagmhála Aonair, rud a áiritheoidh uathoibriú na próiseála faisnéise, córas rianaithe le haghaidh sprioc-amanna agus faireachán ar riaráiste mar aon le hinneall sreafa oibre, lena n-ionchorpraítear gach cainéal malartaithe faisnéise idirnáisiúnta;

**3 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.**

**Bainistiú faisnéise agus bunachair sonraí**

4. rochtain a thabhairt do na húdaráis ainmnithe forfheidhmithe dlí chun an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a cheadú chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla eile a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh bunaithe ar fhorálacha Chinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle;

5. treoirlínte scríofa nua a scaipeadh – mar a pleanáladh cheana – maidir leis na rialacha a bhaineann le faisnéis oibríochtúil a mhalartú, le huirlisí comhair póilíneachta idirnáisiúnta a roghnú agus le cainéil chumarsáide (ina liostaítear samplaí nithiúla, mar shampla);

6. rochtain dhíreach ar Fheidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise a leathnú chuig aonaid um imscrúduithe na n-údaráis inniúla ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear custaim, agus leas á baint as acmhainneacht iomlána na huirlise sin;

7. feabhas a chur ar mhalartú faisnéise le húdaráis phóilíneachta na mBallstát eile ar bhonn chur chun feidhme náisiúnta Chinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle, agus na coinníollacha uile a leagtar síos san ionstraim sin á gcomhlíonadh;

8. rochtain ar na bunachair sonraí Custam a thabhairt do na Póilíní Náisiúnta ar bhonn amas/gan amas;

9. réiteach teicniúil a fhorbairt chun rochtain ríomhaireachta ar chláir óstán a thabhairt d'oifigigh forfheidhmithe dlí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, más gá sin;

10. feabhas a chur ar na feidhmchláir náisiúnta (INDICIA, ELYS II agus AGENT) ar ríomhairí deisce agus ar ghléasanna móibíleacha ionas go bhféadfar cuardaigh aonair a dhéanamh ar réada agus ar dhaoine, agus á áirithiú an tráth céanna go mbeidh seiceálacha i gCóras Faisnéise Schengen agus i mbunachair sonraí Interpol sainordaitheach agus teorainn a chur le líon na réimsí éigeantacha is gá chun iarratas a rith agus cuardaigh loighic na doiléire agus cuardaigh sloinne roimhe sin á gceadú an tráth céanna;

11. an fhéidearthacht an crios meaisín-inléite ar dhoiciméid chéannachta a scanadh le gléasanna móibíleacha a leathnú chuig na póilíní ar fad;

**Acmhainní daonna agus oiliúint**

12. breis oiliúint leanúnach éigeantach dhomhain a sholáthar agus feasacht a ardú i measc na mball foirne ábhartha uile maidir le húsáid bunachar sonraí póilíneachta idirnáisiúnta agus uirlisí comhair (mar shampla Córas Faisnéise Schengen le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí agus Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle), agus an oiliúint sin saincheaptha do na tuairiscí ar chúraimí éagsúla agus leagtha amach i curaclam tiomnaithe. Ba cheart tosaíochta a thabhairt do bhaill foirne an Phointe Teagmhála Aonair;

13. feasacht a ardú maidir le gníomhaíochtaí oiliúna ar líne CEPOL, lena n-áirítear a ardán LEEd, agus an úsáid a bhaintear astu a mhéadú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*